C/2023/795

8.11.2023

Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2023/795)

Lena fhoilsiú seo, tugtar an ceart cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

SINGLE DOCUMENT

'Gotlandslins'

Uimh. AE: PDO-SE-02613 – 3.6.2020

ATFC (X) TGFC ( )

1. **Ainm nó ainmneacha ATFC**

'Gotlandslins'

2. **Ballstát nó tríú tír**

an tSualainn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra**

3.1. *An cineál táirge*

Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in 1*

Is éard is 'Gotlandslins' ann síol triomaithe an lintile a shaothraítear go traidisiúnta in Gotland (*Lens culinaris*).

Saintréithe fisiceacha

Cruth: Ciorclach, ina bhfuil foirm dronnach siméadrach ar an taobh thuas agus ar an taobh thíos.

Cuma: Dromchla neamhlonrach a bhfuil gléine áirithe ann.

Méid: Tiús thart ar 2 mm agus 4 mm ar trastomhas.

Saintréithe orgánaileipteacha

Dath:

Téann an speictream datha ó fhlannbhuí íon (NCS S3050-Y40R) go flannbhuí agus scáileanna buí (NCS S3050-Y20R) nó glasa (NCS S4040-Y20R)orthu. Athraíonn an comhdhéanamh dathanna beagán idir na séasúir fáis.

Boladh:

'Gotlandslins' triomaithe: Dea-bholadh éadrom féar úr nó féar tiomóide (*P. pratense*).

'Gotlandslins' cócaráilte: Nótaí glasa talún agus iarrracht de spionáiste (S. oleracea) ann.

Blas:

'Gotlandslins' cócaráilte: Blas éadrom agus ar leith de phlandaí léagúmacha ina bhfuil nótaí im, síolta lus na gréine rósta agus cnónna coill. Milseacht agus seirbhe chothromaithe.

Iarbhlas:

Blas beagán féarach, a chríochnaíonn i spíosracht aramatach mhaothlach de spíosraí te ar nós clóibh, ilspríosra agus tuirmirice, agus blasanna mianraí marcáilte.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

An blas sa bhéal:

lintile dhaingean ar a bhfuil blas sainiúil, craiceann mín tanaí agus taobh istigh bog ar a bhfuil blas uachtair taitneamhach a fhanann sa bhéal.

Uigeacht:

daingean. Craiceann tanaí.

Na hairíonna ceimiceacha

Carbaihiodráití: 45–51 %, ar siúcraí thart ar 1.8–2.2 % díobh sin.

Snáithín: 28–32 %

Próitéin: 23–26 %

Saill: 0,8–1,2 %, ar saill sháithithe 0,15–0,25 % díobh sin.

3.3. *Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Bearta sonracha den táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór an próiseas iomlán ó fhás go triomú 'Gotlandslins' a dhéanamh laistigh den limistéar geografach a thuairiscítear faoi phointe 4.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le slisniú, grátáil, pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4. Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach

Is éard atá i limistéar táirgthe 'Gotlandslins' oileáin Gotland agus Fårö agus na hoileáin bheaga in aice láimhe, seachas Stora Karlsö agus Lilla Karlsö.

5. Nasc leis an limistéar geografach

Tá an nasc idir saintréithe 'Gotlandslins' agus limistéar fáis Gotland bunaithe ar na dálaí nádúrtha agus ar na tosca daonna a bhaineann go traidisiúnta le saothrú 'Gotlandlins' in Gotland.

Sainiúlacht an táirge

Mar thoradh ar oiriúnú an tor lintile do na dálaí nádúrtha, tá cáilíochtaí sonracha áirithe ag 'Gotlandlins'.

Is lintile sách beag é 'Gotlandslins' a bhfuil craiceann tanaí air agus bia daingean inti. Mar gheall ar athrú géiniteach, tá speictream uathúil toin datha ag 'Gotlandslins', ó fhlannbhuí íon go flannbhuí agus dathanna buí agus/nó glasa air.

Tugtar ráta fáis measartha le mall an tor 'Gotlandslins' próifíl chasta blas ina bhfuil eilimintí léagúmacha agus iarrachtaí de lus na gréine rósta agus cnónna coill air, a ghéilleann do d'iarracht beagán féarach ina bhfuil spíosracht chruinn aramatach.

Murab ionann agus cineálacha eile lintilí a dhíoltar go coitianta ar mhargadh na Sualainne, tá gné mhianrach agus blasanna ime agus cnónna ag blas 'Gotlandslins'. Tá am cócaireachta réasúnta gearr ag 'Gotlandlins' freisin, rud a chuireann leis an mblas níos déine agus leis an mblas galánta sa bhéal.

Nasc le dálaí nádúrtha Gotland

Tá dálaí nádúrtha faoi leith ag Gotland. Is éard atá sa bhuncharraig den chuid is mó dríodair aolchloiche Siolúraí agus slinn marla. Tá ciseal tanaí ithreach (0-1 m domhain), atá comhdhéanta de chré, gaineamh agus gairbhéal cailcreach moiréin anuas ar an mbuncharraig. Tá na hithreacha beagán alcaileach. Tá an ciseal aolchloiche le feiceáil in go leor áiteanna.

Tá Gotland suite i lár Mhuir Bhailt rud a dhéanann difear don aeráid. Tagann an t-earrach go déanach, agus bíonn an fómhar agus an geimhreadh bog. Tá meánteocht mhí Iúil thart ar 16 chéim Celsius agus tá a líon uaireanta an chloig gréine i measc na líonta is airde sa tSualainn (> 1 900 uair an chloig gréine in aghaidh na bliana). Tá an fhrasaíocht tearc (thart ar 500 go 600 mm in aghaidh na bliana). Titeann an chuid is mó den fhrasaíocht sa tréimhse ó Lúnasa go Nollaig. Bíonn an t-earrach agus tréimhsí fada i rith an tsamhraidh an-tirim. Is minic a bhíonn tréimhsí fada báistí íseal nó nialasach ann, rud a chuireann isteach ar na deiseanna fáis agus a fhorchuireann éilimh shuntasacha ar an saothróir agus ar an mbarr a fhástar.

Is éard is 'Gotlandslins' ann síol triomaithe athraithigh áitiúil na lintile a shaothraítear go traidisiúnta ar Gotland (*Lens culinaris*). Déanann roghnú córasach síolta na bliana dár gcionn 'Gotlandslins' dea-oiriúnaithe do na dálaí nádúrtha speisialta atá i réim ar Gotland. Tá éagsúlacht ghéiniteach ag 'Gotlandlins' freisin a fhágann gur mó a leibhéal athléimneachta le linn na dtréimhsí tirime a bhíonn ar Gotland le linn an tséasúir fáis.

Le hoiriúnaithe do dhálaí nádúrtha speisialta Gotland táirgeann tor traidisiúnta Gotland suas le 15 % níos mó lintile ar ithreacha aolchloiche bocht Gotland ná an tor lintile céanna a fhástar in ithreacha torthúla Skåne. Le cumas an toir seo chun córas fréimhe domhain agus láidir a chruthú ar ithreacha bochta agus aolchloiche Gotland fásann an t-athraitheach áitiúil de thor lintile níos fearr sna hithreacha seo ná mar a dhéanann athraithigh lintile shaothraithe eile.

Mar gheall ar an aeráid agus cineál na n-ithreacha fásann 'Gotlandslins' go mall (tá an t-am fáis thart ar 120 lá). Is iad an fás mall agus ithreacha aolchloiche is cúis le próifíl speisialta bhlas agus eilimint mianraí.'Gotlandslins'.

Nasc le tosca daonna a bhaineann leis an limistéar geografach

Ós rud é go bhfuil riachtanais speisialta ag tor lintile Gotland ó thaobh dálaí fáis de, is barr é 'Gotlandlins' is deacair a chur ag fás. Dá bharr sin, tá saothrú 'Gotlandslins' ó thaobh eolas an tsaothróra ar riachtanais shonracha an tor lintile agus ar dhálaí áitiúla ithreach agus aeráide, ionas go mbeidh rath ar na toir lintile agus go dtáirgfidh siad 'Gotlandslins' agus na saintréithe is gnách don táirge acu.

Tá an tor lintilí a shaothraítear chun 'Gotlandlins' a tháirgeadh sách beag agus is beag an clúdach talún a bhíonn ann dá bharr sin. Chun a chinntiú nach gcuireann fiailí bac ar fhás na lintilí óga sula socraíonn na plandaí síos, fástar 'Gotlandslins' ar ithreacha gainimh bochta a chuireann srian ar fhás fiailí. Ina theannta sin, déanann saothróirí 'Gotlandslins' a idirphlandáil le gráin, coirce (*Avena sativa*) de ghnáth, rud a thacaíonn leis an tor lintile agus chuireann srian ar na fiailí go dtí go socraíonn na toir lintile síos agus go gclúdaíonn siad an talamh. Mar gheall ar an idirphlándáil sin caithfidh an saothróir an gaol idir na 'Gotlandslins' agus na gráinní a chothromú agus é a chur in oiriúint do shaintréithe sonracha na limistéar éagsúil fáis ionas go mbeidh dóthain solais agus tacaíochta ag na toir lintile, gan bac a chur ar fhás na 'Gotlandslins'.

De ghnáth is i lár mhí Aibreáin a dhéanann saothróirí 'Gotlandlins' a chur. Mar thoradh ar a oiriúnú d'aeráid Gotland, is féidir le 'Gotlandslins' déileáil le tréimhsí seaca ó am go chéile. Dá bharr sin tugtar do na toir lintile an tréimhse fhada fáis (thart ar 120 lá) agus roinnt mhaith uaireanta an chloig gréine is gá le haghaidh forbairt 'Gotlandslins' in aeráid fionnuar Gotland. Tá ráta fáis i bhfad níos moille ag 'Gotlandslins' ná mar atá ag lintilí eile a allmhairítear isteach sa tSualainn, a mbíonn tréimhse fáis idir 80 agus 100 lá acu de ghnáth. Cuireann an fás mall leis na saintréithe speisialta lena sainaithnítear na 'Gotlandslins'.

Déantar 'Gotlandlins' agus na gráinní idirphlandáilte a bhuain san am céanna. Baintear an fómhar nuair a thosaíonn dath donn ag teacht ar na faighneoga 'Gotlandlins'. Buaileann an saothróir an fómhar go cúramach (600-800 casadh in aghaidh an nóiméid) le sceana a bhfuil faobhar breise orthu ionas nach mbeidh an bualadh ina chúis le damáiste scríobtha a laghdaíonn cáilíocht 'Gotlandslins'. Déantar an meascán buainte de ghrán agus de phiseánaigh a thriomú agus a mhionscagadh. Scarann na saothróirí na 'Gotlandslins' ón ngrán trí scagadh nuair a bhíonn siad ag mionscagadh an fhómhair.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.livsmedelsverket.se/globalassets/foretag-regler-kontroll/livsmedelsinformation-markning-halsopastaenden/skyddade-beteckningar/produktspecifikation_ansokan_gotlandslins_2023_03_20.pdf